



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Samhain 2021
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0345(NLE)

13316/21
ADD 2

PECHE 394

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Samhain 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 661 final - IARSCRÍBHINN 2 - 9
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 661 final - IARSCRÍBHINN 2 - 9.

Faoi iamh: COM(2021) 661 final - IARSCRÍBHINN 2 - 9



An Bhruiséil, 3.11.2021
COM(2021) 661 final

ANNEXES 2 to 9

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle

lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

IARSCRÍBHINN II

IARRACHT IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ I gCOMHTHÉACS
BHAINISTÍOCHT NA STOC SÓL I MUIR nIOCHT THAR I ROINN 7e ICES

Caibidil I Forálacha ginearálta

1. RAON FEIDHME

- 1.1. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 10 méadar nó níos mó ar a bhfad iomlán agus a bhfuil an méid seo a leanas á n-iompar ar bord acu nó á n-implonú acu: tráil bhíoma ar cothrom le 80 mm nó ar mó ná 80mm a mogallmhéid agus líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin, ar cothrom le 220 mm nó ar lú ná 220 mm a mogallmhéid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/472, agus atá i láthair i roinn 7e ICES.
- 1.2. Soithí a dhéanfaidh iascaireacht le líonta éighníomhacha ar cothrom le 120 mm nó ar mó ná 120 mm a mogallmhéid agus a mbeidh cuntais teiste acu is lú ná 300 kg beomheáchan sól in aghaidh na bliana le linn na dtrí bliana roimhe sin, de réir a dtaifead iascaireachta, díolmhófar na soithí sin ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
 - (a) is lú ná 300 kg beomheáchan na sól a ghabh na soithí sin le linn thréimhse bhainistíochta 2019;
 - (b) ní dhéanfaidh na soithí sin trasloingsiú ar aon iasc ar muir chuig soitheach eile;
 - (c) faoin 31 Iúil 2022 agus faoin 31 Eanáir 2023, tabharfaidh gach Ballstát lena mbaineann tuarascáil don Choimisiún maidir le taifid na soithí sin ar ghabhálacha sól sna 3 bliana roimhe sin agus ar ghabhálacha sól in 2022.

I gcás aon cheann de na coinníollacha sin gan a bheith á chomhlíonadh, scoirfidh na soithí lena mbaineann de bheith díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo, le héifeacht láithreach.

2. SAINMHÍNITHE

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘grúpáil trealaimh’ an ghrúpáil ina bhfuil an dá chatagóir trealaimh seo a leanas:
 - (i) tráil bhíoma ar cothrom le 80 mm nó ar mó ná 80 mm a mogallmhéid; agus
 - (ii) líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin, ar cothrom le 220 mm nó ar lú ná 220 mm a mogallmhéid;
- (b) ciallaíonn ‘trealamh rialáilte’ aon cheann den dá chatagóir trealaimh ar leis an ngrúpáil trealaimh iad;
- (c) ciallaíonn ‘an limistéar’ roinn 7e ICES;
- (d) ciallaíonn ‘tréimhse reatha bhainistíochta’ an tréimhse ón 1 Feabhra 2022 go dtí an 31 Eanáir 2023.

3. SRIAN AR GHNÍOMHAÍOCHT

Gan dochar d'Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh gach Ballstát maidir le soithí iascaireachta an Aontais a mbeidh a mbratach ar foluain acu agus a bheidh cláraithe san Aontas, i gcás trealamh rialáilte a bheith á iompar ar bord acu, nach mbeidh na soithí sin laistigh den limistéar níos mó ná an líon laethanta a leagtar amach i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo.

Caibidil II Údaruithe

4. SOITHÍ ÚDARAITHE

- 4.1 Ní údaróidh Ballstát iascaireacht le trealamh rialáilte sa limistéar arna déanamh ag aon soitheach a mbeidh a bhratach ar foluain aici nach mbeidh aon taifead aici ar ghníomhaíocht iascaireachta den sórt sin sa limistéar le linn na tréimhse ó 2002 go 2018, cé is moite de thaifead na ngníomhaíochtaí iascaireachta a d'eascair as aistriú laethanta idir soithí iascaireachta, mura n-áiritheoidh an Ballstát go gcoiscfear ar an acmhainneacht choibhéiseach, arna tomhas i gcileavata, iascaireacht a dhéanamh sa limistéar.
- 4.2 Mar sin féin, soitheach a mbeidh cuntas teiste aige maidir le trealamh rialáilte a úsáid, féadfar é a údarú chun trealamh iascaireachta eile a úsáid, ar choinníoll gur cothrom an líon laethanta arna chionroinnt i leith an trealamh sin leis an líon laethanta arna chionroinnt i leith an trealamh rialáilte nó gur mó ná sin í.
- 4.3 I gcás soitheach a mbeidh bratach Ballstáit ar foluain aige nach mbeidh aon chuóta aige sa limistéar, ní údarófar é chun iascaireacht a dhéanamh le trealamh rialáilte sa limistéar, mura gcionroinnfear cuóta ar an soitheach tar éis aistriú a dhéanamh mar a cheadaítear i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus mura gcionroinnfear laethanta ar muir air i gcomhréir le pointí 10 nó 11 den Iarscríbhinn seo.

Caibidil III

An líon laethanta laistigh den limistéar a chionroinntear ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais

5. AN LÍON UASTA LAETHANTA

Leagtar amach i dTábla I an líon uasta laethanta ar muir le linn na tréimhse reatha bainistíochta a fhéadfaidh Ballstát a údarú do shoitheach, a mbeidh a bhratach ar foluain aige, a bheith laistigh den limistéar agus aon trealamh rialáilte á iompar ar bord aige.

Tábla I

An líon uasta laethanta a fhéadfaidh soitheach a bheith laistigh den limistéar de réir chatagóir an trealamh rialáilte le linn na tréimhse reatha bainistíochta

Trealamh rialáilte	An líon uasta laethanta	
Tráil bhíoma a bhfuil a mogallmhéid ≥ 80 mm	An Bheilg	pm
	An Fhrainc	pm
Líonta éighníomhacha a bhfuil a mogallmhéid mm ≤ 220 mm	An Bheilg	pm

Trealamh rialáilte	An líon uasta laethanta	
	An Fhrainc	pm

6. CÓRAS CILEAVAT-LAE

- 6.1. Le linn na tréimhse reatha bainistíochta, féadfaidh Ballstát a chionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavat-lae. Tríd an gcóras sin, féadfaidh an Ballstát údarú a thabhairt d'aon soitheach a mbaineann aon trealamh rialáilte mar a leagtar amach i dTábla I léi a bheith laistigh den limistéar ar feadh líon uasta laethanta nach ionann agus an líon laethanta a leagtar amach sa Tábla sin, ar choinníoll go n-urramaítear iomlán na gcileavat-laethanta a chomhfhreagraíonn don trealamh rialáilte.
- 6.2. Is é méid foriomlán na gcileavat-laethanta sin suim gach iarrachta iascaireachta aonair a chionroinnfear ar na soithí sin a mbeidh bratach an Bhallstáit lena mbaineann ar foluain acu agus a bheidh incháilithe le haghaidh an trealamh rialáilte. Beidh iarrachtaí iascaireachta aonair den sórt sin á ríomh i gcileavat-laethanta trí chumhacht innill gach soithigh a iolrú faoin líon laethanta ar muir as a mbainfeadh sí tairbhe, de réir Thábla I, dá mba rud é nach gcuirfí pointe 6.1 i bhfeidhm.
- 6.3. I gcás Ballstát ar mian leis leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear i bpointe 6.1, cuirfidh an Ballstát sin iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, le haghaidh an trealamh rialáilte mar a leagtar amach i dTábla I, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh sonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:
- (a) liosta de na soithí atá údaraithe le bheith ag iascaireacht agus a n-uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) agus cumhacht an innill atá acu;
 - (b) an líon laethanta ar muir a n-údarófaí gach soitheach i dtús báire iascaireacht a dhéanamh de réir Thábla I agus an líon laethanta ar muir a mbainfeadh gach soitheach tairbhe as i gcur i bhfeidhm pointe 6.1.
- 6.4. Ar bhonn an iarratais sin, measfaidh an Coimisiún cé acu a bheidh nó nach mbeidh na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe 6 á gcomhlíonadh agus, i gcás inarb infheidhme, féadfaidh sé an Ballstát lena mbaineann a údarú leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear 6.1.

7. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE hAGHAIDH SCOR BUAN GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA

- 7.1. Féadfaidh an Coimisiún líon breise laethanta ar muir a bhféadfaidh Ballstát brataí soitheach dá chuid a údarú a bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aige a chionroinnt ar Bhallstát ar bhonn scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a rinneadh le linn na tréimhse bainistíochta roimhe sin ann i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ nó le Rialachán (CE) Uimh. 744/2008 ón gComhairle². Féadfaidh an Coimisiún scor buan a

¹ Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 744/2008 ón gComhairle an 24 Iúil 2008 lena dtionscnaítear gníomhaíocht shonrach shealadach arb é is aidhm di athstruchtúir chabhlaigh iascaigh de chuid an Chomhphobail Eorpaigh, a bhfuil difear déanta ag an ngéarchéim eacnamaíoch dóibh, a chur chun cinn (IO L 202, 31.7.2008, lch. 1).

eascróidh as aon imthosca eile a mheas ar bhonn cás ar chás, tar éis iarratas cuí-réasúnaithe i scríbhinn a fháil ón mBallstát lena mbaineann. San iarratas i scríbhinn sin, sainithneofar na soithí lena mbaineann agus dearbhófar, i gcás gach soithigh acu, nach bhfillfidh siad ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh choíche.

- 7.2. An iarracht in 2003 arna tomhas i gcileavata-laethanta a rinne na soithí aistarraingthe a raibh grúpáil trealamh ar leith á n-úsáid acu, déanfar í a roinnt ar an iarracht a rinne gach soitheach le linn 2003 agus an ghrúpáil trealamh sin á n-úsáid acu. Déanfar líon breise na laethanta ar muir a ríomh tríd an gcóimheas a gheofar amhlaidh a iolrú faoin líon laethanta a chionroinnfí de réir Thábla I. Déanfar aon chuid de lá a thiocfadh as an ríomh sin a shlánú go dtí an lá iomlán is gaire.
- 7.3. Ní bheidh feidhm ag pointí 7.1 agus 7.2 i gcás ina ndearnadh soitheach a ionadú i gcomhréir le pointe 4.2, nó i gcás inar baineadh úsáid as an tarraingt siar sin cheana féin sna blianta roimhe sin chun laethanta breise ar muir a fháil.
- 7.4. I gcás Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 7.1 cuirfidh sé iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 15 Meitheamh den tréimhse reatha bhainistíochta, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh, i gcás na grúpála trealamh mar a leagtar amach í i dTábla I, mionsonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:
- (a) liosta de na soithí aistarraingthe agus an uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) agus cumhacht an innill a bhí acu;
 - (b) an ghníomhaíocht iascaireachta a rinne na soithí in 2003 arna ríomh i laethanta ar muir de réir ghrúpáil an trealamh iascaireachta.
- 7.5. Le linn na tréimhse reatha bainistíochta, féadfaidh Ballstát aon laethanta breise ar muir a dheonófar a ath-chionroinnt ar na soithí uile nó ar chuid de na soithí a bheidh fágtha ina chabhlach agus a bheidh incháilithe le haghaidh an trealamh rialáilte.
- 7.6. Nuair a chionroinnfidh an Coimisiún laethanta breise ar muir i ngeall ar scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta le linn na tréimhse reatha bainistíochta roimhe sin, déanfar an líon uasta laethanta in aghaidh an Bhallstáit agus an trealamh a leagtar amach i dTábla I a choigeartú dá réir sin le haghaidh na tréimhse reatha bainistíochta.
8. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE hAGHAIDH CLÚDACH BREATHNÓRA EOLAÍOCH FEABHSAITHE
- 8.1. Féadfaidh an Coimisiún 3 lá breise a bhféadfaidh soitheach a bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aici a chionroinnt idir an 1 Feabhra 2022 agus an 31 Eanáir 2023 ar Bhallstát ar bhonn clár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch i gcomhpháirt le heolaithe agus le tionscal na hiascaireachta. Díreofar i gclár den sórt sin, go háirithe, ar leibhéal aischuir agus ar chomhdhéanamh gabhála agus rachaidh sé thar na ceanglais maidir le bailiú sonraí, a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ agus ina rialacha cur chun feidhme maidir le cláir náisiúnta.
- 8.2. Beidh breathnóirí eolaíocha neamhspleách ar an úinéir, ar mháistir an tsoithigh iascaireachta agus ar aon chomhalta den chriú.

³ Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1).

- 8.3. Déanfaidh Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 8.1 tuairisc faoina chlár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch a thíolacadh don Choimisiún lena fhorhneas.
- 8.4. Más rud é go ndearna an Coimisiún clár feabhsaithe maidir le cumhdach breathnóra eolaíoch arna thíolacadh ag Ballstát a fhorhneas roimhe seo, agus gur mian leis an mBallstát lena mbaineann go leanfar den chlár sin a chur i bhfeidhm gan aon athrú, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún go leanfar den chlár sin ceithre seachtaine roimh thús na tréimhse lena mbaineann an clár.

Caibidil IV Bainistíocht

9. OIBLEAGÁID GHINEARÁLTA

Déanfaidh na Ballstáit an iarracht iascaireachta uasta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 26 go 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

10. TRÉIMHSÍ BAINISTÍOCHTA

- 10.1. Féadfaidh Ballstát na laethanta laistigh den limistéar a leagtar amach i dTábla I a roinnt ina dtréimhsí bainistíochta a mhairfidh mí féilire amháin nó níos mó.
- 10.2. Is é an Ballstát lena mbaineann a shocróidh an líon laethanta nó uaireanta an chloig a fhéadfaidh soitheach a bheith laistigh den limistéar le linn tréimhse bhainistíochta.
- 10.3. Más de réir uaireanta an chloig a údaróidh Ballstát do shoithí a mbeidh a bhratach ar foluain acu a bheith laistigh den limistéar, leanfaidh an Ballstát de chaitheamh na laethanta a thomhas mar a shonraítear i bpointe 9. Arna iarraidh sin don Choimisiún, léireoidh an Ballstát lena mbaineann go ndearna sé bearta réamhchúraim chun róchaitheamh laethanta laistigh den limistéar toisc go ndearna soitheach a láithreach sa limistéar a fhoirceannadh sula raibh deireadh le tréimhse 24 uair an chloig a sheachaint.

Caibidil V Cionrannta iarrachta iascaireachta a mhalartú

11. LAETHANTA A AISTRÍÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA A mBEIDH BRATACH BHALLSTÁIT AR FOLUAIN ACU

- 11.1. Féadfaidh Ballstát cead a thabhairt d'aon soitheach iascaireachta a mbeidh a bhratach ar foluain aici laethanta laistigh den limistéar a mbeidh údarú faighte aici ina leith a aistriú chuig soitheach eile a mbeidh bratach an Bhallstáit sin ar foluain aici laistigh den limistéar sin, ar choinníoll gur lú toradh líon na laethanta a fuair soitheach agus cumhacht an innill i gcileavatanna (cileavat-laethanta) ná toradh líon na laethanta a d'aistrigh an soitheach deontóra agus cumhacht innill i gcileavata, nó gur cothrom lena chéile iad. Is é cumhacht innill na soithí i gcileavatanna an chumhacht sin a thaifeadfar i gcás gach soithigh atá i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais.
- 11.2. Ní bheidh an líon iomlán laethanta laistigh den limistéar a aistreofar i gcomhréir le pointe 11.1, arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh deontóra i gcileavatanna, níos airde ná meánlíon bliantúil laethanta chuntas teiste an tsoithigh deontóra sa limistéar mar a fhíoraítear leis an logleabhar iascaireachta sna blianta 2001, 2002, 2003, 2004 agus 2005 arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh sin i gcileavatanna.

- 11.3. Ceadófar an t-aistriú laethanta i gcomhréir le pointe 11.1 idir soithí a oibreoidh le haon trealamh rialáilte agus le linn na tréimhse céanna bainistíochta.
- 11.4. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil maidir leis na haistrithe a rinneadh. Féadfaidh an Coimisiún formáidí scarbhileoige a bhunú chun an fhaisnéis sin a bhailiú agus a tharchur, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2) den Rialachán seo.
12. **LAETHANTA A AISTRIÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA A mBEIDH BRATACH BALLSTÁT ÉAGSÚIL AR FOLUAIN ACU**
- Féadfaidh na Ballstáit aistriú laethanta laistigh den limistéar le haghaidh na tréimhse bainistíochta céanna agus laistigh den limistéar idir aon soithí iascaireachta a mbeidh a mbratach ar foluain acu a cheadú ar choinníoll go mbeidh feidhm ag pointí 4.1, 4.3, 5, 6 agus 10. I gcás ina gcinnfidh Ballstáit aistriú den sórt sin a údarú, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, sula ndéanfar an t-aistriú, faoi shonraí an aistrithe, lena n-áirítear an líon laethanta atá le haistriú, an iarracht iascaireachta agus, i gcás inarb infheidhme, na cuótaí iascaireachta lena mbaineann.

Caibidil VI

Oibleagáidí maidir le tuairisciú

13. **TUARASCÁIL AR IARRACHTAÍ IASCAIREACHTA**
- Beidh feidhm ag Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le soithí a thagann faoi raon feidhme na hIarscríbhíne seo. Tuigfear gurb é an limistéar geografach dá dtagraítear san Airteagal sin an limistéar a shainítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo.
14. **SONRAÍ ÁBHARTHA A BHAILIÚ**
- Déanfaidh na Ballstáit faisnéis a bhailiú gach ráithe maidir leis an iarracht iascaireachta iomlán, laistigh den limistéar, a rinne soithí a úsáideann trealamh tarraingthe agus gléas iascaireachta éighníomhach, an iarracht, laistigh den limistéar, a rinne soithí agus cineálacha éagsúla trealaimh á n-úsáid acu, agus cumhacht innill na soithí sin i laethanta cileavata, ar bhonn na faisnéise a úsáidfeadh chun laethanta iascaireachta laistigh den limistéar a bhainistiú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.
15. **SONRAÍ ÁBHARTHA A CHUR IN IÚL**
- Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstáit scarbhileog ar fáil don Choimisiún ar a mbeidh sonraí a shonraítear i bpointe 14 san fhormáid a shonraítear i dTáblaí II agus III tríd an scarbhileog sin a sheoladh chuig an seoladh bosca ríomhphoist iomchuí, a chuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit. Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don Choimisiún, faisnéis mhionsonraithe a chur chuig an gCoimisiún maidir leis an iarracht a cionroinneadh agus an iarracht a caitheadh lena gcumhdófar tréimhsí bainistíochta uile 2020 agus 2021 nó codanna díobh, agus úsáid á baint as an bhformáid sonraí a shonraítear i dTáblaí IV agus V.

Tábla II

Formáid an tuairiscithe i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

An Ballstát	Trealamh	Tréimhse bhainistíochta	Dearbhú iarrachta carnaí
(1)	(2)	(3)	(4)

Tábla III

Formáid na sonraí i ndáil leis an bhfaisnéis kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) An Ballstát	3		An Ballstát (cód Alpha-3 ISO) ina bhfuil an soitheach cláraithe
(2) Trealamh	2		Ceann de na cineálacha trealamh seo a leanas: BT = tráil bhíoma ≥ 80 mm GN = eangach gheolbhaigh < 220 mm TN = traimil nó líon fostúcháin < 220 mm

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(3) Tréimhse bhainistíochta	4		Bliain amháin sa tréimhse ó thréimhse bhainistíochta 2006 go dtí an tréimhse reatha bhainistíochta
(4) Dearbhú iarrachta carnaí	7	R	Méid carnach na hiarrachta iascaireachta arna shloinneadh i cileavat-laethanta a rinneadh ón 1 Feabhra go dtí an 31 Eanáir den tréimhse bhainistíochta ábhartha
⁽¹⁾ Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí fhormáidiú aonfhaid.			

Tábla IV

Formáid an tuairiscithe le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

An Ballstát	CFR	Marcáil sheachtrach	Fad na tréimhse bainistíochta	Trealamh faoinar tugadh fógra				Laethanta incháilithe chun an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra a úsáid				Laethanta a caitheadh leis an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra				Laethanta a aistríodh
				Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	...	Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	...	Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	...	
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(5)	(5)	(5)	(6)	(6)	(6)	(6)	(7)	(7)	(7)	(7)	(8)

Tábla V

Formáid sonraí le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) An Ballstát	3		An Ballstát (cód Alpha-3 ISO) ina bhfuil an soitheach cláraithe

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(2) CFR	12		Uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) Uimhir aitheantais uathúil soithigh iascaireachta An Ballstát (cód ISO Alpha-3) fara sraith shainaitheantais (naoi gcarachtar) ina dhiaidh. I gcás ina mbeidh níos lú ná naoi gcarachtar sa tsraith, cuirfear nialais bhreise isteach ar thaobh na láimhe clé
(3) Marcáil sheachtrach	14	C	Faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ⁴
(4) Fad na tréimhse bainistíochta	2	C	Fad na tréimhse bainistíochta arna tomhas i míonna

⁴ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú ⁽¹⁾ C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(5) Trealamh faoinar tugadh fógra	2	C	Ceann de na cineálacha trealamh seo a leanas: BT = tráil bhíoma ≥ 80 mm GN = eangach gheolbhaigh < 220 mm TN = traimil nó líon fostúcháin < 220 mm
(6) Coinníoll speisialta a bhaineann leis an trealamh (na trealamh) faoinar tugadh fógra	3	C	An líon laethanta dá bhfuil an soitheach incháilithe faoi Iarscríbhinn II le haghaidh an trealamh a roghnaíodh agus le haghaidh fhad na tréimhse bainistíochta ar tugadh fógra ina leith
(7) Laethanta a caitheadh leis an trealamh (na trealamh) faoinar tugadh fógra	3	C	An líon laethanta a chaith an soitheach go hiarbhír laistigh den limistéar agus úsáid á baint as trealamh a chomhfhreagraíonn do threalamh ar tugadh fógra faoi le linn na tréimhse bainistíochta ar tugadh fógra ina leith
(8) Laethanta a aistríodh	4	C	I gcás laethanta a aistríodh, cuirtear in iúl an méid seo a leanas ‘– an líon laethanta a aistríodh’ agus i gcás laethanta a fuarthas cuirtear in iúl an méid seo a leanas ‘+ an líon laethanta a aistríodh’
⁽¹⁾ Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí fhoráidíú aonfhaid.			

IARSCRÍBHINN III


LIMISTÉIR BHAINISTÍOCHTA LE HAGHAIDH CORRA GAINIMH I RANNA 2a AGUS 3a ICES AGUS I bhFOLIMISTÉAR 4 ICES

Chun críocha bhainistiú na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh corra gainimh i Ranna 2a, 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES a shocraítear in Iarscríbhinn IA, déantar na limistéir bhainistíochta ina bhfuil feidhm ag teorainneacha gabhála sonracha mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus san Fhoscríbhinn a ghabhann leo a shainiú:

Limistéar bainistíochta le haghaidh corra gainimh	Dronuilleoga staidrimh ICES
1r	31–33 E9–F4; 33 F5; 34–37 E9–F6; 38–40 F0–F5; 41 F4–F5
2r	35 F7–F8; 36 F7–F9; 37 F7–F8; 38–41 F6–F8; 42 F6–F9; 43 F7–F9; 44 F9–G0; 45 G0–G1; 46 G1
3r	41–46 F1–F3; 42–46 F4–F5; 43–46 F6; 44–46 F7–F8; 45–46 F9; 46–47 G0; 47 G1 agus 48 G0
4	38–40 E7–E9 agus 41–46 E6–F0
5r	47–52 F1–F5
6	41–43 G0–G3; 44 G1
7r	47–52 E6–F0

Aguisín

Limistéar bainistíochta le haghaidh corra gainimh



IIARSCRÍBHINN IV

TRÉIMHSÍ COISCTHE SÉASÚRACHA CHUN TROSC SCEITE A CHOSAINT

Beidh cosc ar iascach sna limistéir a leagtar amach sa tábla thíos do gach trealamh, seachas trealamh peiligeach (peas-saighne agus tráil), le linn na tréimhse sainaitheanta:

Tréimhsí teoranta coiscthe				
Uimh.	Ainm an Limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
1	Meá Stanhope	60° 10' T - 01° 45' O 60° 10' T - 02° 00' O 60° 25' T - 01° 45' O 60° 25' T - 02° 00' O	An 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán	
2	Long Hole	59° 07,35' T - 0° 31,04' I 59° 03,60' T - 0° 22,25' I 58° 59,35' T - 0° 17,85' I 58° 56,00' T - 0° 11,01' I 58° 56,60' T - 0° 08,85' I 58° 59,86' T - 0° 15,65' I 59° 03,50' T - 0° 20,00' I 59° 08,15' T - 0° 29,07' I	An 1 Eanáir go dtí an 31 Márta	
3	Coral edge	58° 51,70' T - 03° 26,70' O 58° 40,66' T - 03° 34,60' O 58° 24,00' T - 03° 12,40' O 58° 24,00' T - 02° 55,00' O 58° 35,65' T - 02° 56,30' O	An 1 Eanáir go dtí an 28 Feabhra	

Tréimhsí teoranta coiscthe				
Uimh.	Ainm an Limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
4	Papa Bank	59° 56' T - 03° 08' I 59° 56' T - 02° 45' I 59° 35' T - 03° 15' I 59° 35' T - 03° 35' I	An 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	
5	Foula Deeps	60° 17,50' T - 01° 45' I 60° 11,00' T - 01° 45' I 60° 11,00' T - 02° 10' I 60° 20,00' T - 02° 00' I 60° 20,00' T - 01° 50' I	An 1 Samhain go dtí an 31 Nollaig	
6	Egersund Bank	58° 07,40' T - 04° 33,00' O 57° 53,00' T - 05° 12,00' O 57° 40,00' T - 05° 10,90' O 57° 57,90' T - 04° 31,90' O	An 1 Eanáir go dtí an 31 Márta	(10 x 25 muirmhíle)
7	Lastoir de Eilean nan Caorach	59° 40' T - 01° 23' I 59° 40' T - 01° 13' I 59° 30' T - 01° 20' I 59° 10' T - 01° 20' I 59° 30' T - 01° 28' I 59° 10' T - 01° 28' I	An 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	
8	West Bank	57° 15' T - 05° 01' O 56° 56' T - 05° 00' O 56° 56' T - 06° 20' O 57° 15' T - 06° 20' O	An 1 Feabhra go dtí an 15 Márta	(18 x 4 muirmhíle)

Tréimhsí teoranta coiscthe				
Uimh.	Ainm an Limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse ama	Nótaí breise
9	Revet	57° 28,43' T - 08° 05,66' O 57° 27,44' T - 08° 07,20' O 57° 51,77' T - 09° 26,33' O 57° 52,88' T - 09° 25,00' O	An 1 Feabhra go dtí an 15 Márta	(1,5 x 49 muirmhíle)
10	Rabarberen	57° 47,00' T - 11° 04,00' O 57° 43,00' T - 11° 04,00' O 57° 43,00' T - 11° 09,00' O 57° 47,00' T - 11° 09,00' O	An 1 Feabhra go dtí an 15 Márta	Lastoir de Skagen (2,7 x 4 muirmhíle)]

IARSCRÍBHINN V

ÚDARUITHE IASCAIREACHTA

CUID A

AN LÍON UASTA LAETHANTA IASCAIREACHTA

LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA AN AONTAIS A DHÉANFAIDH IASCAIREACHT IN UISCÍ TRÍÚ TÍR

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	Údaruithe iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann tráth ar bith
Uiscí na hIorua agus an limistéar iascaireachta timpeall Jan Mayen	Scadán, lastuaidh de 62° 00' T	pm	DK	pm	pm
			DE	pm	
			FR	pm	
			IE	pm	
			NL	pm	
			PL	pm	
			SE	pm	

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	Údaruithe iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann tráth ar bith	
	Speicis ghrinnill, lastuaidh de 62° 00' T	pm	DE	pm	pm	
			IE	pm		
			ES	pm		
			FR	pm		
			PT	pm		
			Neamh-chionroinnte	pm		
	Speiceas tionsclaíoch, laisteas de 62° 00' T	pm	DK	pm	pm	
1, 2b ⁽¹⁾	Iascach le haghaidh portáin sneachta le potaí	pm	EE	pm	Ní bhaineann le hábhar	
			ES	pm		
			LV	pm		
			LT	pm		
			PL	pm		
⁽¹⁾ Ní dochar cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas i limistéar Svalbard do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920.						

CUID B

AN LÍON UASTA LAETHANTA IASCAIREACHTA
LE hAGHAIDH SOITHÍ TRÍÚ TÍR IN UISCÍ AN AONTAIS

Stát Brataí	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
An Iorua	Scadán, lastuaidh de 62° 00' T	pm	pm
